



STAD DE CHLUICHÍ FÍSEÁIN A SCRÍOSADH

Tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) ar phríomhionstraimí daonlathais rannpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus cuireann sé ar a gcumas do na saoránaigh a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach gníomh dlí nua a mholadh i réimse ina bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhú. Ó tugadh TES isteach, neartaigh sé rannpháirtíocht dhíreach na saoránach i múnú bheartais an Aontais, cuir i gcás i réimsí amhail cearta bunúsacha agus cearta tomhaltóirí.

Tá an tionscnamh 'Stop Destroying Videogames' ['Stad de chluichí físeáin a scríosadh'] ina chuid den phróiseas daonlathach sin, tionscnamh a léiríonn imní na saoránach faoi chaomhnú cluichí físeáin amach anseo agus faoin bhféidearthacht atá ann do thomhaltóirí leanúint de bheith ag imirt na gcluichí ar íoc siad astu.



CAD IAD SPRIOCANNA AN TIONSCNAIMH?

Leis an tionscnamh seo, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

- ceangal a chur ar fhoilsitheoirí a dhíolann nó a cheadúnaíonn cluichí físeáin na cluichí a fhágáil i staid fheidhmiúil (inimeartha), tar éis dheireadh na tacaíochta tráchtála.
- cosc a chur ar chluichí físeáin a dhíchumasú ó chian mura gcuirfí réiteach réasúnta ar fáil.



RANNPHÁIRTEACHAS

Bhailigh an tionscnamh **1,294,188 ráiteas tacaíochta fhíoraithe**, rud a sháraigh an tairseach aon mhilliún síniú is gá agus a d'fhág gurb é an **14ú tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar éirigh leis**.

Bailíodh sínithe ar fud an Aontais agus baineadh na tairseacha náisiúnta amach i **24 Bhallstát**, rud a léiríonn tacaíocht leathan ón bpobal do ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

FREAGRA AN CHOIMISIÚIN AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Foráiltear cheana féin le dlí tomhaltóirí an Aontais atá ann cheana do choimircí tábhachtacha do thomhaltóirí (féach an chéad leathanach eile).

Measann an Coimisiún nach féidir leis oibleagáid dhlíthiúil a mholadh chun cluichí físeáin a choinneáil inimeartha tar éis stop a chur lena soláthar ar bhonn tráchtála.

Mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na n-imreoirí, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- cuirfidh sé tús, roimh dheireadh 2026, le **malartú le tionscal na gcluichí físeáin agus le hionadaithe tomhaltóirí** d'fhonn cód iompair don tionscal a tharraingt suas maidir le 'deireadh ré' na gcluichí físeáin a bhainistiú.
- oibreoidh sé le heagraíochtaí agus le húdaráis tomhaltóirí chun **feasacht a mhúscailt maidir leis na cearta tomhaltóirí is infheidhme**, coimircí lena gcosnaítear a leasanna ina measc.

Le forfheidhmiú gníomhach na gceart tomhaltóirí atá ann cheana, is féidir na soláthraithe a dhreasú freisin chun cluichí físeáin a thairiscint a mbeidh saolré níos faide acu.



AN REACHTAÍOCHT ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR AGUS CREAT AN AONTAIS

Le dlí tomhaltóirí an Aontais atá ann faoi láthair, tá forálacha ann cheana féin maidir le coimircí tábhachtacha lena gcosnaítear leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí.

Leis an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, ceanglaítear ar thrádálaithe **eolas soiléir a chur ar fáil** maidir leis an méid seo a leanas:

- na príomh-shaintréithe,
- feidhmiúlacht,
- coinníollacha conarthacha an ábhair dhigitigh agus na seirbhísí digiteacha.

Ar an gcaoi sin, is féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gceannacháin.

Leis an Treoir maidir le hÁbhar Digiteach agus Seirbhísí Digiteacha (Treoir (AE) 2019/770), a bhfuil feidhm aici ó bhí an 1 Eanáir 2022 ann, **soláthraítear leigheasanna do thomhaltóirí** nuair nach bhfuil an t-ábhar nó an tseirbhís a sholáthraítear i gcomhréir leis an gconradh agus leis an méid a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith ag tomhaltóirí leis. D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith i dteideal aisíocaíocht chomhréireach a fháil ar a gceannacháin.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/770 faoi dheireadh 2026,

lena gcumhdófar freisin a cur i bhfeidhm i ndáil le scor ábhair dhigitigh agus seirbhísí digiteacha.

Ag an am céanna, faoi dhlí cóipchirt an Aontais, tá cearta eisiacha ag sealbhóirí ceart ar a gcuid saothar. Chomh maith le cóipcheart, d'fhéadfadh cearta maoine intleachtúla eile a bheith ábhartha freisin toisc go bhféadfaidís gnéithe éagsúla físiúla agus teicneolaíochta cluiche físeáin a chosaint.

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

19 Meitheamh 2024 Cláraíodh an tionscnamh



31 Iúil 2024 Cuirtear tús le bailiú na sínithe



23 Feabhra 2026

Cruinniú idir na heagraithe agus ionadaithe an Choimisiúin



16 Aibreán 2026

Éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa



21 Bealtaine 2026

Díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa



16 Meitheamh 2026 Thug an Coimisiún a fhreagra

Obair leantach ar fhreagra an Choimisiúin



31 Iúil 2025 Tháinig deireadh le bailiú na sínithe



26 Eanáir 2026

Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin

Tá an t-eolas is déanaí ón Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le fáil [anseo](#)

Féach leat scéalta ratha eile san Fhóram um an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh [anseo](#)